2023/2756

7.12.2023

# CINNEADH (AE) 2023/2756 ÓN gCOMHAIRLE

## an 4 Nollaig 2023

## lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Stát Iosrael d'fhonn comhaontú maidir le sábháilteacht eitlíochta sibhialta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích le Stát Iosrael maidir le sábháilteacht eitlíochta sibhialta.

(2) Ba cheart an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

(3) Ba cheart don Choimisiún an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhairle leis an gcoiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus i gcomhréir leis na róil faoi seach atá ag na hinstitiúidí a leagtar amach in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 218 CFAE, arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(4) Is é príomhchuspóir an chomhaontaithe atá beartaithe creat dlíthiúil a bhunú lena gcumhdaítear deimhniú táirgí, comhpháirteanna agus fearais aerloingseoireachta agus formhaoirseacht táirgthe. Go dtí le déanaí, bhí formheas na ndeimhnithe le haghaidh táirgí aerloingseoireachta agus na comhpháirteanna agus na fearais dá gcuid idir an tAontas agus Stát Iosrael bunaithe ar chomhaontú idir an Iodáil agus Stát Iosrael, a tháinig i bhfeidhm an 2 Bealtaine 1990, i gcomhar le hAirteagal 68(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). Mar sin féin, chuir an Iodáil deireadh leis an gcomhaontú sin le héifeacht ón 2 Eanáir 2022 i gcomhréir le hAirteagal 140(6) den Rialachán sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht d'fhonn comhaontú maidir le sábháilteacht eitlíochta sibhialta le Stát Iosrael.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

### *Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

### *Airteagal 3*

1. Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um Eitlíochta a ainmnítear mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) CFAE.

([1]) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

2. Tuairisceoidh an Coimisiún i scríbhinn don choiste speisialta agus don Chomhairle maidir le toradh na caibidlíochta tar éis gach seisiúin caibidlíochta.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
O. PUENTE SANTIAGO